AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2022
COM(2022) 71 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937**

{SEC(2022) 95 final} - {SWD(2022) 38 final} - {SWD(2022) 39 final} -
{SWD(2022) 42 final} - {SWD(2022) 43 final}

# IARSCRÍBHINN

**CUID I**

## 1. SÁRUITHE AR CHEARTA AGUS AR THOIRMISC A ÁIRÍTEAR I GCOMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA UM CHEARTA AN DUINE

1. Sárú ar an gceart atá ag daoine fónamh a bhaint as acmhainní nádúrtha talún agus gan a gcóir mhaireachtála a bhaint de réir Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
2. Sárú ar an gceart chun na beatha agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 3 den Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
3. Sárú ar an toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach i gcomhréir le hAirteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
4. Sárú ar an gceart chun saoirse agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 9 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
5. Sárú ar an toirmeasc ar chur isteach treallach nó neamhdhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar theach nó ar chomhfhreagras duine agus ar ionsaithe ar a chlú, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
6. Sárú ar an toirmeasc ar chur isteach ar shaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
7. Sárú ar an gceart chun tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha a lena n-áirítear pá cóir, saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn réasúnach le huaireanta oibre i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
8. Sárú ar an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibrithe ar thithíocht leordhóthanach, más i gcóiríocht arna soláthar ag an gcuideachta a bhfuil cónaí ar an lucht saothair, agus an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibrithe ar bhia, éadaí, uisce agus sláintíocht leordhóthanach san ionad oibre i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
9. Sárú ar cheart an linbh go dtabharfaí tús áite dá leasanna i ngach cinneadh agus gníomhaíocht a dhéanann difear do leanaí i gcomhréir le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; sárú ar cheart an linbh a chumas iomlán a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; sárú ar cheart an linbh chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 24 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; sárú ar an gceart chun slándála sóisialta agus caighdeáin leordhóthanach maireachtála i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; sárú ar an gceart chun oideachais i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; sárú ar cheart an linbh a bheith cosanta ar gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide ghnéasaigh agus a bheith cosanta ar fhuadach, ar dhíol nó ar ghluaiseacht neamhdhleathach chuig áit eile laistigh nó lasmuigh dá thír chun críocha teacht i dtír, i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh;

10. Sárú ar an toirmeasc ar fhostú linbh faoi bhun na haoise ag a gcríochnaítear an scolaíocht éigeantach agus, in aon chás, leanbh nach óige ná 15 mbliana d’aois é, ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí na háite fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 2(4) agus Airteagail 4 go 8 den Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138) ;

11. Sárú ar an toirmeasc ar shaothar leanaí de bhun Airteagal 32 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, lena n-áirítear na cineálacha is measa saothair leanaí do leanaí (daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois) i gcomhréir le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182). Áirítear sa mhéid sin:

(a) Gach cineál sclábhaíochta nó gach cineál cleachtas atá cosúil leis an sclábhaíocht, amhail díol agus gáinneáil leanaí, cuibhriú fiachais agus seirfeachas, mar aon le saothar éigeantais nó éigeantach, lena n-áirítear earcú éigeantais nó éigeantach leanaí lena n-úsáid i gcoinbhleachtaí armtha,

(b) Leanbh a úsáid, a sholáthar nó a thairiscint le haghaidh striapachais, chun pornagrafaíocht a tháirgeadh nó le haghaidh léiriú pornagrafacha,

(c) Leanbh a úsáid, a sholáthar nó a thairiscint le haghaidh gníomhaíochtaí aindleathacha, go háirithe chun drugaí a tháirgeadh nó chun gáinneáil a dhéanamh orthu,

(d) Obair ar dócha go ndéanfaí dochar do shláinte, do shábháilteacht nó do mhoráltacht leanaí, de bharr chineál na hoibre nó na gcúinsí faoina ndéantar an obair sin;

12. Sárú ar an toirmeasc ar shaothar éigeantais; áirítear leis sin gach obair nó seirbhís a éilítear ó aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin dá dheoin féin, mar shampla de bharr cuibhriú fiachais nó gáinneáil ar dhaoine; eisiatar ó shaothar éignithe aon obair nó seirbhísí a chomhlíonann Airteagal 2(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) nó Airteagal 8 (3) (b) agus (c) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

13. Sárú ar an toirmeasc ar gach cineál sclábhaíochta, cleachtais cosúil leis an sclábhaíocht, seirfeachas nó cineálacha eile forlámhas nó leatroim san ionad oibre, amhail teacht i dtír agus uirísliú ollmhór eacnamaíoch nó gnéasach i gcomhréir le hAirteagal 4 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Airt. 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

14. Sárú ar an toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;

15. Sárú ar an gceart chun saoirse comhlachais, comhthionóil, an ceart eagrúcháin agus chun cómhargála i gcomhréir le hAirteagal 20 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagail 21 agus 22 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtaca leis an gCeart

Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98), lena n-áirítear na cearta seo a leanas:

(a) tá an tsaoirse ag oibrithe ceardchumainn a chur ar bun nó dul i bpáirt le ceardchumainn,

(b) cur ar bun, dul i bpáirt ná ballraíocht i gceardchumann, ní mór gan an méid sin a úsáid mar chúis le hidirdhealú nó frithbheart gan údar maith,

(c) tá an tsaoirse ag eagraíochtaí oibrithe oibriú i gcomhréir lena mbunreachtanna agus a rialacha gan aon chur isteach ó na húdaráis;

(d) an ceart chun dul ar stailc agus an ceart chun cómhargála;

16. Sárú ar an toirmeasc ar chóir neamh-chomhionann san fhostaíocht, mura rud é go bhfuil údar leis sin de bharr cheanglais na fostaíochta de réir Airteagail 2 agus 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100), Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111) agus Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; cuimsíonn cóir neamh-chomhionann, go háirithe, luach saothair neamh-chomhionann a íoc as obair ar luach comhionann;

17. Sárú ar an toirmeasc ar íosphá leordhóthanach maireachtála a choinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

18. Sárú ar an toirmeasc ar aon díghrádú comhshaoil intomhaiste a chruthú, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó tionchar eile ar acmhainní nádúrtha, a

(a) chuireann as do na bunúis nádúrtha maidir le bia a chaomhnú agus a tháirgeadh nó

(b) nach dtugann rochtain do dhuine ar uisce óil atá sábháilte agus glan nó

(c) a chruthaíonn deacrachtaí do dhuine rochtain a fháil ar shaoráidí sláintíochta nó a dhíothaíonn na saoráidí sin nó

(d) a dhéanann díobháil do shláinte, do shábháilteacht, do ghnáthúsáid maoine nó talún nó do ghnáthsheoladh gníomhaíochta eacnamaíche duine nó

(e) a dhéanann difear do shláine éiceolaíoch, amhail dífhoraoisiú,

i gcomhréir le hAirteagal 3 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 5 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

19. Sárú ar an toirmeasc ar thalamh, ar fhoraoisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraoisiú, nuair a áirithítear a úsáid slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

20. Sárú ar cheart na bpobal dúchasach chun na dtailte, na gcríoch agus na n-acmhainní ba leosan go traidisiúnta, a bhí ina seilbh go traidisiúnta nó a bhí á n-úsáid nó á bhfáil ar shlí eile acu i gcomhréir le hAirteagal 25, Airteagal 26(1) agus (2), Airteagal 27,

agus Airteagal 29(2) de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

21. Sárú ar thoirmeasc nó ar cheart nach gcumhdaítear faoi phointí 1 go 20 thuas ach atá san áireamh sna comhaontuithe um chearta an duine atá liostaithe i Roinn 2 den Chuid seo, rud a dhéanann dochar díreach do leas dlíthiúil a chosnaítear sna comhaontuithe sin, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann riosca lagaithe den sórt sin a shuíomh go réasúnta mar aon le haon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 4 den Treoir seo a chomhlíonadh agus imthosca ábhartha uile a n-oibríochtaí á gcur san áireamh, amhail an earnáil agus an comhthéacs oibríochtúil.

## 2. COINBHINSIÚIN MAIDIR LE CEARTA AN DUINE AGUS SAOIRSÍ BUNÚSACHA

- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
- An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
- An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
- An Coinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú;
- An Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú;
- An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú;
- An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh;
- An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas;
- Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;
- An Dearbhú maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus Prótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;
- Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair;
- Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;
- Croíchoinbhinsiúin/bunchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair:
    - An Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87)
    - An Coinbhinsiún i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98)

- An Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) agus Prótacal 2014 lena mbaineann;
- An Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal, 1957 (Uimh. 105)
- An Coinbhinsiún maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138)
- An Coinbhinsiún maidir leis na Cineálacha is Measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182)
- An Coinbhinsiún maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100)
- An Coinbhinsiún maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111)

## CUID II

### SÁRUITHE AR CHUSPÓIRÍ AGUS AR THOIRMISC A AITHNÍTEAR GO HIDIRNÁISIÚNTA AGUS A ÁIRÍTEAR I GCOINBHINSIÚIN CHOMHSHAOIL

1. Sárú ar an oibleagáid maidir leis na bearta is gá a bhaineann le húsáid acmhainní bitheolaíocha a ghlacadh chun drochthionchair ar an éagsúlacht bhitheolaíoch a sheachaint nó a íoslaghdú, i gcomhréir le hAirteagal 10(b) de Choinbhinsiún 1992 maidir leis an mBithéagsúlacht agus [agus leasuithe féideartha á gcur san áireamh i gcomhréir le Coinbhinsiún iar-2020 na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht], lena n-áirítear na oibleagáidí Phrótacal Cartagena maidir le forbairt, láimhseáil, iompar, úsáid, aistriú agus scaoileadh orgánach modhnaithe beo agus oibleagáidí Prótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus na Tairbhí a Bhaineann leis na hAcmhainní sin mar aon lena n-Úsáid a Roinnt go Cóir agus go Cothromasach an 12 Deireadh Fómhair 2014;
2. Sárú ar an toirmeasc ar allmhairiú nó a onnmhairiú aon eiseamail a áirítear in Aguisín den Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) an 3 Márta 1973 gan chead, de bhun Airteagail III, IV agus V;
3. Sárú ar an toirmeasc ar mhonarú táirgí ar cuireadh mearcair leo de bhun Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn A, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair an 10 Deireadh Fómhair 2013 (Coinbhinsiún Minamata);
4. Sárú ar an toirmeasc ar úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair i bpróisis mhonaraíochta de réir bhrí Airteagal 5(2) agus Iarscríbhinn B, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata ón dáta céimnithe a shonraítear sa Choinbhinsiún maidir leis na táirgí agus na próisis faoi seach;
5. Sárú ar an toirmeasc ar chóireáil dramhaíola mearcair d'aineoinn fhorálacha Airteagal 11(3) de Choinbhinsiún Minamata;
6. Sárú ar an toirmeasc ar tháirgeadh agus úsáid ceimiceán de bhun Airteagal 3 (1) (a) (i) agus Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm an 22 Bealtaine 2001 ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, sa leagan de Rialachán (AE) 2019/1021 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169 an 25 Meitheamh 2019 lgh. 45-77;

7. Sárú ar an toirmeasc ar láimhseáil, bailiú, stóráil agus diúscairt dramhaíola ar bhealach nach mbeidh slán ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm sa dlínse is infheidhme faoi fhorálacha Airteagal 6 (1) (d) (i) agus (ii) den Choinbhinsiún ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha;

8. Sárú ar an toirmeasc ar allmhairiú ceimiceáin a liostaítear in Iarscríbhinn III den Choinbhinsiún ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (UNEP/FAO), Coinbhinsiún a glacadh an 10 Meán Fómhair 1998, mar a léirigh an Páirtí allmhairíochta sa Choinbhinsiún i gcomhréir leis an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach;

9. Sárú ar an toirmeasc ar tháirgeadh agus ar ídiú substaintí sonracha a ídíonn an ciseal ózóin (i.e. clórafluaracarbóin, Halóin, teitreaclóiríd charbóin, 1,1,1-tríchlóireatán, brómaclóraimeatán, bróimíd mheitile, hidreabrómafluaracarbóin agus hidreaclórafluaracarbóin) tar éis a gcéimnithe amach de bhun Choinbhinsiún Vín um Chosaint an Chisil Ózóin agus a Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin;

10. Sárú ar an toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola guaisí de réir bhrí Airteagal 1 (1) agus dramhaíola eile de réir bhrí Airteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (Coinbhinsiún Basel) agus de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190 an 12 Iúil 2006 lgh. 1-98) (Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 433 an 22 Nollaig 2020 lgh. 11-19)

    (a) chuig páirtí a bhfuil toirmeasc curtha aige ar allmhairiú dramhaíola guaisí den sórt sin agus dramhaíola eile (Airteagal 4 (1) (b) de Choinbhinsiún Basel),

    (b) chuig stát allmhairiúcháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, Uimh. 11 de Choinbhinsiún Basel, nach dtoilíonn i scríbhinn don allmhairiú sonrach, sa chás nach bhfuil toirmeasc curtha ag an stát allmhairiúcháin sin ar dhramhaíl ghuaiseach den sórt sin a allmhairiú (Airteagal 4 (1) (c) de Choinbhinsiún Basel),

    (c) chuig páirtí nach páirtí é i gCoinbhinsiún Basel (Airteagal 4 (5) de Choinbhinsiún Basel),

    (d) chuig stát allmhairiúcháin mura ndéantar an dramhaíl ghuaiseach nó an dramhaíl eile sin a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol sa stát sin nó in áit eile (Airteagal 4 (8), abairt 1 de Choinbhinsiún Basel);

11. Sárú ar an toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach a onnmhairiú ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel chuig tíortha nach liostaítear in Iarscríbhinn VII (Airteagal 4A de Choinbhinsiún Basel, Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006);

12. Sárú ar an toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl eile a allmhairiú ó thír nach páirtí í i gCoinbhinsiún Basel (Airteagal 4 (5) de Choinbhinsiún Basel).